



An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2018
(OR. en)

9631/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0210 (COD)**

**PECHE 194
CADREFIN 68
CODEC 936**

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 - Cur i láthair ón gCoimisiún - Malartú tuairimí

1. Tar éis na Teachtaireachta ón gCoimisiún dar teidil *A modern Budget for a Union that Protects, Empowers and Defends - The Multiannual Financial Framework for 2021-2027* [Buiséad Nua-Aimseartha d'Aontas a dhéanann an Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 a Choinneáil Slán, a Chumhachtú agus a Chosaint]¹, ar an 12 Meitheamh, ghlac sé togra maidir le Ciste Eorpach Muirí agus Iascach (CEMI) nua, a bhfuil súil lena fhoilsiú ar an lá céanna.
2. Dar leis an Teachtaireacht maidir le CAI, beidh CEMI go fóill ina ionstraim thábhachtach chun tacú le cur chun feidhme chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh, go háirithe earnáil iascaigh inbhuanaithe de chuid an Aontais agus tacaíocht le haghaidh pobail chósta a bhíonn ag brath ar ghníomhaíochtaí iascaigh. Lena chois sin, beidh sé go fóill ina uirlis luachmhar d'fhonn an gheilleagair ghoirm san iascach agus dobharshaothrú a chur chun cinn, ag tacú dá réir sin le fás agus le poist a chruthú, agus an mhuirthimpeallacht a chosaint san am céanna.

¹ féach 8353/18.

3. Sula ndéanfaidh comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle scrúdú teicniúil ar an tionscnamh reachtach sin sna míonna atá romhainn, bheadh sé iomchuí dá ndéanfadh an Chomhairle réamh-mhalartú tuairimí bunaithe ar chur i láthair an togra ón gCoimisinéir ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 18 Meitheamh 2018.
 4. Iarrtar ar COREPER/ar an gComhairle an cur i láthair ón gCoimisiún a thabhairt ar aird agus tuairimí dá réir a thabhairt ar an ábhar seo.
-